**Leasú 66**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 18**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 18. ***ag roinnt imní an Choimisiúin*** go bhféadfadh ***cumhacht*** Uachtarán Phoblacht na Polainne ***(agus cumhacht an Aire Dlí agus Cirt i gcásanna áirithe)*** tionchar a imirt ar imeachtaí araíonachta i gcoinne bhreithiúna na Cúirte Uachtaraí ***trí oifigeach araíonachta a cheapadh a dhéanfaidh imscrúdú ar an gcás, agus oifigeach araíonachta na Cúirte Uachtaraí a eisiamh ó imeachtaí atá ar siúl, go gcruthaítear ábhair imní maidir le prionsabal an scartha cumhachtaí agus go bhféadfaí difear a dhéanamh do neamhspleáchas breithiúnach51 ;*** | 18. ***á aithint go bhfuil cumhachtaí*** Uachtarán Phoblacht na Polainne oifigeach araíonachta a cheapadh in imeachtaí araíonachta i gcoinne bhreithiúna na Cúirte Uachtaraí ***ina gcuid*** den ***sásra seiceálacha agus ceartúchán rialtasach***; |

[51] Féach Togra Réasúnaithe ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017, COM(2017) 835, mír 133. Féach freisin ESCE-ODIHR, Tuairim ar Fhorálacha Áirithe den Dréacht-Ghníomh maidir le Cúirt Uachtarach na Polainne (amhail ón 26 Meán Fómhair 2017), 13 Samhain 2017, lch. 33.

Or. en

11.9.2020 A9-0138/67

**Leasú 67**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 19**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 19. ***á mheabhrú gur chinn an Chúirt Bhreithiúnais, sa bhreithiúnas uaithi an 24 Meitheamh 2019[52], go bhfuil ísliú aois scoir bhreithiúna reatha na Cúirte Uachtaraí contrártha do dhlí an Aontais agus go sáraíonn sé an prionsabal i dtaca le do-inaistritheacht breithiúna agus, dá bhrí sin, prionsabal an neamhspleáchais bhreithiúnaigh, tar éis di iarraidh níos luaithe an Choimisiúin le haghaidh bearta eatramhacha ar an ábhar a dheonú le hordú an 17 Nollaig 2018[53] ;*** ag tabhairt dá haire gur ***rith*** údaráis na Polainne ***Gníomh an 21 Samhain 2018, lena leasaítear*** an Gníomh maidir leis an gCúirt Uachtarach[54] chun ***ordú na*** Cúirte ***Breithiúnais a chomhlíonadh, an t-aon uair go dtí seo inar chealaigh siad athruithe ar an gcreat reachtach lena rialaítear an córas breithiúnais i gcomhréir le cinneadh ón*** gCúirt Bhreithiúnais; | 19. ag tabhairt dá haire gur ***ghlac*** údaráis na Polainne ***leasú ar*** an ngníomh maidir leis an gCúirt Uachtarach chun an ***t-ordú*** ón gCúirt ***Bhreithiúnais*** a chomhlíonadh, rud ***a mheastar mar fhianaise ar thoilteanas údaráis na Polainne comhar a dhéanamh agus dul i mbun idirphlé le comhlachtaí an Aontais, lena n-áirítear maidir le hathchóiriú na mbreithiúna tar éis an rialaithe ón gCúirt Bhreithiúnais, cé go bhfanann an réimse sin de bheith faoi inniúlacht eisiach na mBallstát;*** |

[52] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 24 Meitheamh 2019, an Coimisiún v an Pholainn, C-619/18, ECLI:EU:C:2019:531.

[53] Ordú ón gCúirt Bhreithiúnais an 17 Nollaig 2018, an Coimisiún v an Pholainn, C-619/18, ECLI:EU:C:2018:1021.

[54] Ustawa z dnia 21 Deireadh Fómhair

2018 r. o zmianie ustawy o Sądzie Najwyższym (Dz.U. 2018 poz. 2507).

Or. en